

# Mionnscribhinn Ioncaim Intíre (CA24) – Gluais

Téarma	Míniú
<b>Ainmiúchán:</b>	Is éard is maoin ainmnithe ann ná aon maoin a chuir an duine éagtha in ainm duine eile dá leas féin ar a bháis. Aistríonn maoin ainmnithe go díreach chuig an duine sin de réir na rialacha agus na rialachán faoinar infheistíodh í. Ní aistrítear í chuig an ionadaí pearsanta an duine éagtha lena dháileadh de réir an uacht.
<b>Áit ghnáthchónaithe:</b>	Tagraíonn an téarma “áit ghnáthchónaithe” do ghnátháit chónaithe duine. Tagann duine aonair a bhfuil cónaitheach in Éirinn ar feadh trí bliana cánach i ndiaidh a chéile de bheith gnáthchónaitheach ó thús na ceathrú bliana. Ní scoirfidh duine de bheith chónaitheach de ghnáth go dtí go mbíonn sé nó sí neamhchónaitheach ar feadh trí bliana cánach leanúnacha.
<b>C.A. 24:</b>	Mionnscribhinn Ioncaim Intíre (Tháinig an CA24 in áit na Foirme SA.2 um Ráiteas Cúrsaí (Probháid) ó 14 Meán Fómhair 2020).
<b>Clárlanna Probháide Ceantair:</b>	Oifigí Probháide sna cúigí.
<b>Codaisíl:</b>	Is éard atá i gcódaisíl ná leasú ar uacht atá ann cheana.
<b>Cumhacht cúlghairme:</b>	Nuair a ghlacann tairbhí le bronntanas ach coinníonn an diúscróir an ceart an bronntanas a chúlghairm, le linn a shaoil.
<b>Daoine neamh-gaolta:</b>	Daoine nach bhfuil aon cheangal eatarthu trí gaol nó trí phósadh bailí.
<b>Deonú Ionadaíochta:</b>	Deimhníonn an Deonú Ionadaíochta go bhfuil údarás ag an riarthóir eastát an duine éagtha a riar i gcás nach bhfuil aon uacht bhailí ann. Ní mór den riarthóir beartaithe an Fhoirm um Ráiteas Cúrsaí (Probháid) SA.2 a chomhlánú Ginfear Fógra Admhála ar chomhlánú na foirme agus ba chóir é seo a thabhairt le haon doiciméid riachtanach eile chuig an Oifig Phrobháide nó chuig an gClárlann Probháide Ceantair chun Deonú Riaracháin a fháil.
<b>Deonú Probháide:</b>	Deonú ionadaíochta nuair atá uacht ann.
<b>Díthiomnacht:</b>	Ag fáil bháis gan uacht a fhágáil.
<b>Diúscróir:</b>	An duine a chur an bronntanas nó an oidhreacht ar fáil.
<b>Diúscairt:</b>	Modh trína n-aistrítear maoin, mar shampla, uacht, díthiomnacht, marthanas, ainmiúchán agus gníomhas.
<b>Eastát:</b>	Gach sócmhainn, mar shampla, teach, talamh, cuntais bhainc, stoic & scaireanna, beostoc, seodra agus carr duine éagtha.
<b>Foirm SA.2 um Ráiteas Cúrsaí (Probháid)</b>	Cur síos ar shócmhainní, dliteanais agus tairbhíthe an duine éagtha.
<b>Fuíollaí:</b>	Duine a ghlacann leas iomlán i maoin nuair a thagann leas teoranta chun deiridh.
<b>Ionadaí pearsanta:</b>	Duine atá freagrach as cúrsaí duine éagtha a bhainistiú.

<b>Téarma</b>	<b>Míniú</b>
<b>Iontaobhaí:</b>	Duine a choinníonn maoin ar iontaobhas do dhuine eile.
<b>Leasgholta</b>	Daoine nach bhfuil ach tuismitheoir amháin mar an gcéanna acu.
<b>Leas iomlán:</b>	Úinéireacht iomlán ar mhaoin (seachas leas teoranta).
<b>Leas teoranta:</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Leas (seachas leas léasach) ar feadh ré saoil nó ar feadh tréimhse áirithe.</li> <li>• Aon leas eile nach leas iomlán é.</li> </ul>
<b>Litreacha riaracháin:</b>	Deonú ionadaíochta sa chás nach bhfuil aon uacht.
<b>Marthanas:</b>	Ceart duine chun maoin mar gheall gur mhar siad níos faide ná duine eile a raibh leas aige / aici ann. Mar shampla, ar bhás nascthionónta, faigheann an nascthionónta atá fós beo an maoin.
<b>Mionscríbhinn Ioncaim Intíre:</b>	Cur síos ar shócmhainní, dliteanais agus tairbhíthe an duine éagtha. (Tháinig an Mionscríbhinn Ioncaim Intíre in áit na Foirme SA.2 um Ráiteas Cúrsaí (Probháid) ó 14 Meán Fómhair 2020).
<b>Náisiúntacht:</b>	Is é an náisiúntacht an stádas de bheith mar chuid de thír áirithe. Is caidreamh dlíthiúil é idir duine aonair agus Stát. Is é do náisiúntacht an tír as a dtagann tú.
<b>Nascthionóntacht:</b>	Úinéireacht maoin ag beirt nó níos mó, a bhfuil úinéireacht chomhionann acu ar an maoin iomlán. Cruthaíonn Nascthionóntacht ceart marthanas. Nuair a fhaigheann nascthionónta bás, aistrítear a scair go huathoibríoch chuig an nascthionónta / nascthionóntaí a mhaireann.
<b>Neamhchríonnacht:</b>	Loiceadh féachaint chun cinn Míchúram ag soláthar don todhchaí. Easpa críonnachta agus cúraim ó dhuine i mbainistiú acmhainní.
<b>Oifig Probháide:</b>	Oifig atá mar chuid den tSeirbhís Cúirte faoi dhlínse na hArd-Chúirte. Tá an Oifig Phrobháide freagrach as Uachtanna a chruthú agus Deonú Ionadaíochta a eisiúint.
<b>Polasaí do dhuine lárnach:</b>	Polasaí arna ghlacadh ag cuideachta nó eagraíocht ar shaol duine lárnach sa chuideachta nó san eagraíocht.
<b>Réadtiomnú:</b>	Sochar talún nó maoin iarbhir eile faoi uacht.
<b>Riarthóir:</b>	Duine atá freagrach as cúrsaí duine éagtha a chur i gcrích.
<b>Sainchónaí:</b>	Is coincheap de chuid an dlí ghinearálta í an tsainchónaitheacht. Den chuid is mó tagraíonn sé don tír ina bhfuil cónaitheacht buan ag duine. Faigheann tú sainchónaitheacht bhunaidh nuair a bheirtear tú (sainchónaitheacht an athar de ghnáth). Féadfaidh tú rogha sainchónaitheacht a fháil. Chun rogha sainchónaitheacht a fháil ní mór duit do shainchónaitheacht bunaidh a fhágáil agus socrú síos i dtír nua. Ní mór duit fianaise láidir go bhfuil sé ar intinn agat cónaí sa tír nua go buan a chur ar fáil.
<b>Saorúsáid:</b>	Úsáid agus tairbhiú a bhaint as maoin gan aon chomaoin nó le haghaidh níos lú ná chomaoin iomlán. Is éard is chomaoin an ná rud éigean luachmhar a thugtar mar mhalairt ar rud éigin eile luachmhar.

<b>Téarma</b>	<b>Míniú</b>
<b>Scaireanna luaite:</b>	Scaireanna luaite ar an stocmhargadh.
<b>Scaireanna neamhluaite:</b>	Scaireanna comhlachta príobháideacha nach luaitear iad ar an stocmhargadh.
<b>Séanadh:</b>	Sochar / ceart / teidlíocht a diúltaíodh nó a tréigeadh sula dtagann sé i seilbh an tairbhí.
<b>Seiceadóir / Banseiceadóir:</b>	Duine atá údaraithe le huacht chun cúrsaí duine éagtha a thabhairt chun críche agus a eastát a dháileadh. Tá údarás ag an seiceadóir / banseiceadóir gníomhú ó dháta an bháis. Níl údarás ag aon ionadaí pearsanta eile gníomhú ach amháin nuair a fhaightear Deonú Riaracháin.
<b>Sochar báis:</b>	Sochar ar nós aoisliúntas, árachas nó cnapshuim is iníoctha ar bhás.
<b>Tairbhí:</b>	Duine atá i dteideal bronntanas nó oidhreacht fháil.
<b>Tiomnacht:</b>	Maoin phearsanta a aistrítear faoi uacht.
<b>Tiomnóir:</b>	Duine a dhéanann uacht.
<b>Tionónta saoil:</b>	Duine ar tugadh maoin dó/di ar feadh a shaoil.
<b>Tionóntacht i gCoiteannas:</b>	Sa chás go bhfuil maoin i seilbh daoine ar thionóntaí i gcoiteannas iad, is úinéir iomlán iad gach duine ar a sciar féin den mhaoin. Ar bhás tionónta i gcoiteannas, aistríonn a leas faoina uacht nó a díthiomnacht.
<b>Uacht:</b>	Dearbhú trína ndéanann an duine (tiomnóir) a bhfuil ag déanamh an uacht foráil maidir le dáileadh a chuid maoine tar éis a bháis.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.